

## ***Cuireadh chuig na Meáin***

### **Imeacht de chuid Choláiste na Tríonóide chun iniúchadh a dhéanamh ar Sholáthar Oideachas na Luath-Óige in Éirinn**

***Fógraí cáinainnéise ar leathnú an chláir don bhliain réamhscoile saor in aisce ina bpríomhmhír ar chlár siompóisiam taighde Choláiste na Tríonóide***

**Teideal: 'Comhpháirtíocht san Oideachas Luath-Óige: Machnamh ar Chomhthéacs, Curaclam agus Oideolaíocht'**

**Cur síos: Siompóisiam do lucht taighde oideachas na luath-óige**

**Dáta: Déardaoin, 15 Deireadh Fómhair, 10.00r.n -4.30i.n**

**Láthair: Seomra Fada Mhol na Tríonóide, Coláiste na Tríonóide, Áth Cliath**

**BAILE ÁTHA CLIATH, 15 Deireadh Fómhair, 2015** – Beidh fógraí na cáinainnéise ar leathnú an chláir don bhliain réamhscoile saor in aisce ina bpríomhmhír ar chlár siompóisiam a dhíríonn ar oideachas na luath-óige in Éirinn a bheidh ar siúl i gColáiste na Tríonóide, Déardaoin, 15 Deireadh Fómhair, 2015.

Arna eagrú ag an gComhar um Thaighde ar Oideachas Luath-Óige (CTOLÓ) ag Scoil an Oideachais i [gColáiste na Tríonóide](http://www.ncca.ie/earlylearning), agus i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ([www.ncca.ie/earlylearning](http://www.ncca.ie/earlylearning)), tabharfaidh an t-imeacht deis do lucht taighde agus páirtithe leasmhara eile machnamh a dhéanamh ar an mbrí ata le hoideachas luath-óige ann agus ar an gcuma a bhíonn air do pháistí agus do mhúinteoirí, agus ar na himpleachtaí a bhíonn aige sin maidir le forbairt agus cleachtas an churaclaim. Is é sainchúram an CNCM comhairle a thabhairt ar churaclam agus ar mheasúnú san Oideachas Luath-Óige agus tá *Treoirleabhar Cleachtais* de chuid *Aistear Síolta* idir lámha acu anois chun tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí agus iad ag soláthar na n-eispéireas ardchaighdeáin a theastaíonn ó pháistí agus atá ag dul dóibh. Ag an imeacht, cuirfidh lucht taighde ó institiúidí acadúlachta éagsúla páipéir thaighde i láthair ar thopaicí lena n-áirítear timpeallachtaí foghlama agus dúshláin a bhaineann le féiniúlacht ghairmiúil in earnáil chúram agus oideachas na luath-óige.

Ag labhairt di roimh an imeacht, bhí an méid seo le rá ag Nóirín Hayes, Ollamh ar Cuairt ag Scoil an Oideachais, agus eagraí an imeachta:

“I bhfianaise an fhógra sa cháinainnéis go bhfuiltear ag leathnú na réimse aoise don bhliain réamhscoile chun dhá bhliain saor in aisce a cheadú, is tráthúil machnamh ar sholáthar an oideachais luath-óige in Éirinn.

Léiríonn an taighde go dtéann eispéiris ardchaighdeáin san oideachas luath-óige chun tairbhe do pháistí ina gcuid luathbhlianta (breith go 8 mbliana). Cé gur 6 bliana an aois éigeantach scoile in Éirinn, is nós linn páistí a chur chun na scoile ó cheithre bliana d’aois.

Ar a lán bealaí, níor léir nach raibh earnáil dhea-bhunaithe luath-óige ann do pháistí óga agus níor tugadh deiseanna chun machnamh ar a ábhartha agus a oiriúnaí a bhí an t-oideachas luath-óige do pháistí ag freastal ar shuíomhanna éagsúla.”

Sa siompóisiam seo, a thugann le chéile lucht acadúlachta agus taighde ó gach cuid de réimse oideachais na luath-óige, breathnófar ar fhianaise idirnáisiúnta agus náisiúnta ar oideachas luath-óige d'ardcháilíocht agus tá sé mar aidhm aige clár taighde a fhorbairt a dhéanfaidh eolas d'oideolaíocht agus do pholasaí sa chéad chéim thábhachtach seo den oideachas.

Cuirfidh an Dr Anne Looney, PF CNCM, clabhsúr leis an siompóisiam agus díreoidh sí ar an dúshlán go gcinntítear go mbíonn béim san áit a bhfuil gá léi agus an rannóg á leathnú- ar na páistí, ardchaighdeán a n-eispéireas agus ardchaighdeán a gcuid foghlama.

### **Teagmháil Cumarsáide:**

Fiona Tyrrell, Preasoifigeach Dhámh na nEalaíon , na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Coláiste na Tríonóide, Áth Cliath | [tyrrellf@tcd.ie](mailto:tyrrellf@tcd.ie) | + 353 1 8964337

Nóirín Hayes, Ollamh ar Cuairt ag Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, | [hayesn@tcd.ie](mailto:hayesn@tcd.ie) | 087 2272015

### **Nóta d'Eagarthóirí**

#### **Clár:**

10.00 – 10.30	Clárú, tae, caife
10.30 – 11.00	Fáiltiú, An Comhthéacs agus an Uaillmhian á míniú, Nóirín Hayes, Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide
11.00 – 11.15	An cuma faoin Téarmaíocht? Toby Wolfe, Start Strong
11.15 – 12.00	Idirphlé i nGrúpaí Beaga
12.00 – 12.15	Timpeallachtaí foghlama a oibríonn: na críocha a mhaolú
12.15 – 13.00	Margaret Kernan, Tionscnamh Idirnáisiúnta ar Fhorbairt an Pháiste
12.15 – 13.00	Idirphlé i nGrúpaí Beaga
13.00 – 13.45	Lón éadrom
13.45 – 14.15	Na snaidhmeanna a scaoileadh - [k]not easy: féiniúlacht ghairmiúil i Earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-óige professional identity in the Early Childhood Care and Education Sector, Mary Moloney, Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar na Luath-Óige, MIC
14.15 – 15.00	Idirphlé i nGrúpaí Beaga
15.00 – 15.15	Ilaistrithe san Oideachas Luath-Óige, Mary O'Kane, Léachtóir sa tSíceolaíocht agus in Oideachas na Luath-Óige
15.15 – 16.00	Idirphlé i nGrúpaí Beaga
16.00 – 16.30	Machnaimh scoir agus bealaí chun cinn
	Anne Looney, An Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Suíomh idirlíon: [www.ecalignment.ie](http://www.ecalignment.ie)